Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Léann an Aistriúcháin

## (Teastas Iarchéime)



**Tá an cúrsa seo á chur ar fáil ar mhaithe leo siúd ar spéis leo oiliúint i ngnéithe de Léann an Aistriúcháin a chuirfeadh ar a gcumas scileanna aistriúcháin a fheidhmiú go gairmiúil, in earnálacha éagsúla. Deis iontach atá ann cáilíocht ag leibhéal 9 a bhaint amach sa réimse seo tríd an bhfoghlaim chumaisc.**

### Cuspóirí an chúrsa

Faoi dheireadh an chúrsa seo, ba cheart go mbeifeá in ann:

- Na cineálacha téacsanna is minice a bhíonn á láimhseáil ag aistritheoirí na Gaeilge a aistriú ar chaighdeán ard.
- Úsáid ghrinn a bhaint as na huirlisí éagsúla teicneolaíochta a bhíonn ag aistritheoirí na Gaeilge – bogearraí aistriúcháin ríomhchuidithe ina measc.
- Úsáid bheacht a bhaint as an leagan is déanaí de Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge mar bhunchloch don obair aistriúcháin.

**Leibhéal an chúrsa:** Teastas Iarchéime ag leibhéal 9

**Fad:** Reáchtálfar an cúrsa ar bhonn páirtaimseartha in imeacht bliain amháin (30 ECTS) nó in imeacht dhá bhliain (15 ECTS sa bhliain).

**Riachtanais iontrála:** Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar.

Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu i réimse cuí iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d'Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL).

Anuas ar na cáilíochtaí thuas, ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi scrúdú iontrála chun a gcumas i scríobh na Gaeilge a léiriú.

**Táillí:** €3,055

**Táillí:** €1,800 don Teastas Iarchéime iomlán.


**Iarratas a dhéanamh:** Féach https://www.universityofgalway.ie/postgraduateapplications

**Dáta tosaithe:** Meán Fómhair.

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge







## Modh seachadta

**Foghlaim chumaisc atá i gceist:** meascán de ranganna ar líne agus sé cinn de cheardlanna lae (ar an Satharn) ar champas na hOllscoile i nGaillimh. Feileann an cur chuige seo thar cionn do dhaoine atá ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha; ciallaíonn sé freisin gur féidir le daoine in aon áit thart timpeall na hÉireann agus níos faide i gcéin páirt a ghlacadh sa chúrsa.

## Deiseanna fostaíochta

**Baineann an-chuid deiseanna oibre leis an aistriúchán:** mar fhéinfhostaíocht, mar shlí bheatha do dhaoine ar mhaith leo a bheith ag obair sa bhaile, agus mar bhealach chun ioncam breise a ghnóthú don té atá ag obair i bpost lánaimseartha nó páirtaimseartha. Éiríonn le daoine a bhfuil cáilíocht aistriúcháin acu poist a fháil go rialta le gnólachtaí aistriúcháin, na meáin chumarsáide, eagraíochtaí Gaeilge, an tAontas Eorpach, agus eagraíochtaí stáit.

| Modúil an chúrsa | ECTS | Seimeastar |
|---|---|---|
| An Caighdeán Oifigiúil | 10 | 1&2 |
| Aistriúchán Téacsanna 1 | 5 | 1 |
| Aistriúchán Téacsanna Reachtaíochta | 5 | 1 |
| Aistriúchán Téacsanna 2 | 5 | 2 |
| An tAistriúchán Liteartha | 5 | 2 |

Eolas faoi chúrsaí ag

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

### Tuilleadh eolais:

Tomás Ó Maolalaidh
t: +353 91 49 2734

Áras na Gaeilge,
Ollscoil na Gaillimhe, Gaillimh.
r: aistriu@ollscoilnagaillimhe.ie